Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Feabhra 2020**
**(OR. en, fr)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0332(COD)**

**6060/20**
**ADD 1 REV 1**

**ENV 78**
**SAN 48**
**CONSOM 25**
**CODEC 109**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5813/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5846/18 - COM(2017) 753 final + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (athmhúnlú)<br>– Comhaontú polaitiúil<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón gCipir, ón tSeicia, ón Danmhairg, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Ungáir, ó Mhálta, ón Ísiltír agus ón bPolainn**

**- Aithris 40**

Tacaíonn na Ballstáit thuasluaite le glacadh na Treorach maidir le hUisce Óil lena n-áiritheofar ardchaighdeáin sábháilteachta maidir le huisce óil dár saoránaigh agus, ina theannta sin, lena gcuirfear feabhas go hindíreach ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Mar sin féin, measaimid go bhfuil sé go hiomlán míchuí foclaíocht ghinearálta maidir le gníomhaíocht a bheith á déanamh ag an gCoimisiún i ndáil le rochtain ar an gceartas sna Ballstáit sa ráiteas ar chúiseanna i ngníomh dlí maidir le huisce óil. Ní athraítear leis sin an stádas dlíthiúil reatha maidir le rochtain ar an gceartas ná ní thugtar leis níos mó cumhachta don Choimisiún chun caingean dlí a shaothrú maidir leis na saincheisteanna sin.

Saincheist a bhfuilimid dáiríre fúithi is ea comhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus, inar páirtí é gach Ballstát ann féin. Is ar leibhéal na mBallstát is fearr aghaidh a thabhairt, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ar chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus. Is é an dúshlán mór nach mór dul i ngleic leis, áfach, go mbeidh Coinbhinsiún Aarhus á gcomhlíonadh ag an Aontas é féin, comhlíonadh dá dtagraítear i gCinneadh 2018/881 ón gComhairle agus sna cinntí ó Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus i gcás ACCC/C2008/32. D'ainneoin chur i gcrích an staidéir a d'iarr an Chomhairle agus d'ainneoin an ráitis sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip inar cuireadh in iúl go “ndéanfadh sé a mharana maidir le Rialachán Aarhus a athbhreithniú" (Rialachán 1367/2006), tugaimid dár n-aire nár luadh an moladh sin i gclár oibre an Choimisiúin do 2020.

Cé go bhfuilimid sásta tacú le glacadh na Treorach seo i bhfianaise na dtairbhí i gcoitinne a thiocfaidh aisti, beimid airdeallach mar sin féin agus é á áirithiú againn nach n-áireofar amach anseo foclaíocht den sórt sin i dtaobh rochtain ar an gceartas sna Ballstáit i ngníomhartha reachtacha i réimse an chomhshaoil.

**Ráiteas ó Lucsamburg**

Tá Lucsamburg, de mheon an chomhréitigh, in ann glacadh leis an gcomhaontú ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (athmhúnlú), lena bhforáiltear freisin freagairt dheimhneach ar an tionscnamh Right2Water.

Is oth le Lucsamburg, áfach, nach bhfuil an réiteach maidir le meitibilítí lotnaidicíde a moladh níos uaillmhéine agus is oth léi freisin, in éagmais measúnú tionchair mionsonraithe, nach ndearnadh anailís leordhóthanach ar na iarmhairtí, maidir leis na costais agus na speansais a thabhódh na geallsealbhóirí lena mbaineann, a dtiocfadh as na forálacha maidir le hábhair a bhíonn i dtadhall a chur i bhfeidhm.

## Ráiteas ón Ísiltír
## Airteagail 1 agus 16

Tacaíonn an Ísiltír go láidir leis an tábhacht a bhaineann le huisce óil agus ba dhíol sásaimh dóibh an tionscnamh Right2Water. Tá cleachtas éifeachtach agus creat dlíthiúil i bhfeidhm san Ísiltír maidir le rochtain ar uisce óil ardcháilíochta, agus lena sholáthar, ar an leibhéal náisiúnta. Mar sin féin, tá an Ísiltír fós den tuairim nach í an Treoir maidir le hUisce Óil, ina ndírítear ar cháilíocht an uisce óil, an ionstraim is iomchuí chun dul i ngleic le rochtain ar uisce óil san Aontas a fheabhsú. Tá amhras ar an Ísiltír ar cheart raon feidhme na Treorach sin a leathnú amach ar bhealach ina mbeadh baol ann go ndéanfaí gabháil de chosa i bhfreagracht na mBallstát, go háirithe i dtaca le bearta áirithe agus a gcineál éigeantach sonrach. Tacaíonn an Ísiltír le glacadh na Treorach seo i bhfianaise na mbuntáistí soiléire, mar aon le buntáistí eile nach iad, a éireoidh aisti maidir le cáilíocht an uisce óil agus toisc go gcreidimid go bhfuil ár gcóras uisce óil i gcomhréir le hoibleagáidí Airteagal 16, ach cuirimid i bhfáth gur ar na Ballstáit atá an fhreagracht maidir leis an gcaoi ar cheart dul i ngleic leis an tsaincheist i ndáil le rochtain ar uisce óil.

## Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis na gníomhartha tarmligthe

Is é a bhí iarrtha ag an gCoimisiún go dtabharfaí de chumhacht dó modhnú a dhéanamh ar na hIarscríbhinní I go IV ina thogra bunaidh le haghaidh Treoir Athbhreithnithe maidir le hUisce Óil agus is oth leis an gCoimisiún cinneadh na gcomhreachtóirí an cumhachtú sin a theorannú d'Iarscríbhinn III.

Is é is oth leis an gCoimisiún go sonrach nár tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an gcumhachtú chun Iarscríbhinn II a mhodhnú, modhnú lena bhfuil ríthábhacht i bhfianaise an ghá na ceanglais faireacháin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a nuashonrú maidir leis an dul chun cinn eolaíoch agus theicniúil.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an nós imeachta i ndáil le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh**

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha le teachtaireacht agus le spiorad Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 (IO L 55 an 28.2.2011, lch. 13), pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5(4) a agairt gan údar cuí. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrach ann imeacht ón riail láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtugtar aon tuairim. Toisc gurb eisceacht é ón riail ghinearálta a bunaíodh le mír 4 d'Airteagal 5, ní féidir glacadh leis gur "cumhacht lánroghnach" de chuid an Reachtóra í, agus ní mór ciall a bhaint as ar bhealach sriantach agus, ar an ábhar sin, ní mór údar a bheith leis.